



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Oifig Rannpháirtíocht Domhanda UCD
Scoil Aonad:	UCD Ar Fud na Cruinne
Teideal & Ábhar an Phoist:	Comhordaitheoir Scoláireachtaí Idirnáisiúnta
Fad an Phoist:	Post sealadach 5 bliana
Grád:	Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach
Teaghlach Poist agus Leibhéal Gairme:	Bainistíocht Oibríochtaí Acadúla & Clár – Leibhéal Gairme 2
Tagairt Ghrádaithe Poist:	2022-10-097
Bainisteoir Líne:	Bainisteoir Maoinithe agus Scoláireachtaí Idirnáisiúnta (nó a n-ainmní)
Uimhir Thagartha an Chomórtais Uimh:	Qiong Zhang
Riarthóir AD:	019038

Achoimre ar an bPost:

Stiúrann agus treoraíonn UCD Ar Fud na Cruinne straitéisí domhanda na hollscoile, ag soláthar ceannaireachta saineolaí i gcomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht, earcaíocht agus tacaíocht do mhic léinn idirnáisiúnta, soghluaisteach foirne agus mac léinn isteach agus amach, agus na gnéithe idirnáisiúnta d’eispéireas na mac léinn.

Ag féachaint ar chaidrimh le geallsealbhóirí seachtracha, oibríonn UCD Ar Fud na Cruinne sa spás idir an ollscoil agus an pobal idirnáisiúnta. Tacaíonn sé le ceannairí ollscoile chun beartas a mhúnlú, oibríonn sé le Coláistí/Scoileanna agus aonaid tacaíochta eile chun a chinntiú go seachadtar é, agus déanann sé idirchaidreamh le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas.

Tá ceanncheathrú UCD Ar Fud na Cruinne i mBaile Átha Cliath, agus stiúrann agus bainistíonn sé líonra Ionad Domhanda na hollscoile freisin, a fheidhmíonn mar mhoil ghníomhaíochta UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áise Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise agus sa Mheánoirthear.

Riarann UCD Ar Fud na Cruinne thart ar 800 scoláireacht idirnáisiúnta agus ceann de na cohóirt is mó de mhic léinn Chúnamh Feidearálach SAM lasmuigh de na Stáit Aontaithe gach bliain. Ag tuairisciú don Bhainisteoir Scoláireachtaí agus Maoinithe Idirnáisiúnta, cuirfidh sealbhóir an phoist le tacaíocht do mhic léinn agus le riarachán scoláireachtaí idirnáisiúnta agus maoiniú eile, lena n-áirítear Cúnamh Feidearálach do Mhic Léinn sna Stáit Aontaithe, Cúnamh do Mhic Léinn Cheanada, urraíochtaí agus maoiniú tríú páirtí.

Beidh Comhordaitheoir na Scoláireachtaí Idirnáisiúnta mar chuid den Fhoireann Iontrála agus Rialachais Neamh-AE. Dá bhrí sin, tá UCD Ar Fud na Cruinne ag lorg duine díograiseach agus dícheallach a bhfuil scileanna eagrúcháin ardfhorbartha aige/aici agus an cumas aschur ard a bhaint amach agus é/í ag obair de réir ardchaighdeán.

Príomhdhualgais agus Freagrachtaí:

Scoláireachtaí agus Tacaíocht Mhaoinithe Mac Léinn agus Riarachán

- Eolas cuimsitheach a fhorbairt agus a chothabháil ar mhaoiniú agus ar scoláireachtaí do mhic léinn idirnáisiúnta, go háirithe i ndáil le próisis iontrála agus earcaíochta UCD.
- Bainistiú fiosrúcháin mac léinn maidir le Scoláireachtaí Idirnáisiúnta, cúnamh do mhic léinn i Meiriceá

Thuidh, agus maoiniú.

- Cúnamh a thabhairt don Oifigeach Scoláireachtaí agus Maoinithe Idirnáisiúnta le riarachán Chúnamh Mac Léinn Feidearálach na Stát Aontaithe, lena n-áirítear próiseáil iarratais agus tuairisciú rialta ar chlárúchán.
- Leis an Oifigeach Scoláireachtaí agus Maoinithe Idirnáisiúnta, athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht acadúil na mac léinn i gcomhar leis na ceanglais acadúla íosta le haghaidh scoláireachtaí agus maoinithe.
- Tacú le forbairt agus athbhreithniú córas agus próiseas chun sreabhadh oibre, comhsheasmhacht agus cruinneas a fheabhsú i measc foirne réigiúnacha.
- Bailiú agus bainistíocht chruinn sonraí le haghaidh tuarascálacha rialta ar scoláireachtaí agus maoiniú.
- Iniúchadh ar scoláireachtaí inmheánacha agus ar thaifid Chúnamh Feidearálach na Stát Aontaithe a dhéanamh chun earráidí a aithint agus a cheartú go réamhghníomhach.
- Cabhrú le cothabháil agus riarachán scoláireachtaí, lena n-áirítear athbhreithniú ar thaifid le haghaidh scoláireachtaí leanúnacha.
- Cuidí le hathbhreithniú agus feabhsú leanúnach phróisis UCD maidir le scoláireachtaí agus maoiniú.
- De réir mar is gá, cuidiú le tacaíocht fhoireann Iontrála Domhanda UCD, lena n-áirítear oiliúint foirne, iniúchadh iontrála agus tascanna eile de réir mar is gá go réasúnta leis an ról.

Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara

- Dea-chaidreamh oibre a fhorbairt le Coláistí, Scoileanna agus Seirbhísí Riaracháin Chlárlainne UCD (an Fhoireann Íocaíochtaí Táillí) agus Deasc na Mac Léinn, ag cinntiú go mbeidh sreabhadh cumarsáide láidir ann chun próiseáil thráthúil a dhéanamh ar scoláireachtaí agus ar cheisteanna agus ar iarratais ar mhaoiniú.

Freagrachtaí Eile

- Dul i mbun forbartha pearsanta agus gairmiúla leanúnaí i gcomhréir le héilimh na ról, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha ábhartha a dhéanamh chun iad féin a fhorbairt agus chun tacú le forbairt daoine eile.
- Comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus tacú le héagsúlacht agus le cuimsiú chomh maith le tacú le clár oibre agus cleachtais inbhuanaitheachta na hOllscoile.
- Dualgais eile, de réir mar is gá ó am go ham i gcomhar le sinsearach agus scóip an ról seo.

95 Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach_2010 Scála Tuarastail: €46,703 - €56,831 in aghaidh na bliana

Déanfar ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí faoi incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas faoi phinsean ar fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilityto compete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina gceiliúrtar éagsúlacht agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a aithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe. Faigh tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag: <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Cuirfear cóiríocht réasúnta ar fáil d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas air nó uirthi nó go bhfuil éagsúlacht néareolaíoch aige/aici.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Teaghlach Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de **Theaghlach Poist Bainistíochta Oibríochtaí Acadúla & Clár agus ailíníonn sé le Leibhéal Gairme 2**. Tá tuilleadh sonraí faoi na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach i gCreat na dTeaghlach Poist ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- 2-3 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal **agus/nó** i gcéim tríú leibhéal.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Anailís Ghnó (Leibhéal Inniúlachta 1):** Cumas chun riachtanais úsáideoirí a réiteach. Déanann sé/sí próisis a dhoiciméadú, tuarascálacha a scríobh agus cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chruthú.
- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Inniúlachta 1):** Eolas a fhorbairt ar na cleachtais is fearr maidir le bainistíocht sonraí agus cleachtais rialachais sonraí.
- **Teacht aniar Oibríochta (Leibhéal Inniúlachta 1):** Coinníonn sé nó sí seasmhacht agus feidhmíocht i dtascanna laethúla agus gníomhaíonn sé nó sí go héifeachtach faoi bhrú.
- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle (Leibhéal Inniúlachta 1):** Tacaíocht, treoir agus comhairle a chur ar fáil do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann.
- **Cumas Teicniúil (Leibhéal Inniúlachta 1):** Dea-chumas eolas teicniúil, scileanna agus breithiúnas a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú chun toradh a bhaint amach nó chun tascanna a chur i gcrích go héifeachtach.

Inniúlachtaí Lárnacha

- **Athruithe a Bhainistiú (Leibhéal Inniúlachta 1):** Dea-chumas cur chuige dearfach a ghlacadh i leith dul i ngleic le hobair agus glacadh le hathrú.
- **Caidrimh a Thógáil (Leibhéal Inniúlachta 1):** Léiríonn sé/sí scileanna maithe um thógáil caidrimh trí chaidrimh éifeachtacha a thógáil laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne.
- **Feasacht Eagraíochtúil (Leibhéal Inniúlachta 2):** Léiríonn sé tuiscint láidir ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.
- **Pleanáil & Eagrúchán (Leibhéal Inniúlachta 2):** Cumas suntasach chun do chuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach. Socraíonn sé/sí tosaíochtaí soiléire agus cinntíonn sé/sí go gcomhlíontar spriocdhátaí.
- **Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Inniúlachta 2):** Scileanna cumarsáide suntasacha léirithe trí chumarsáid scríofa agus ó bhéal atá soiléir, cinnte, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD.
- **Ag Obair go Gníomhach (Leibhéal Inniúlachta 2):** Cumas láidir chun obair as do stuaim féin trí ghníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus iad a réiteach agus réitigh a aimsiú.
- **Díriú ar Sheirbhís & Nuálaíocht (Leibhéal Inniúlachta 2):** Tuigeann agus cuimhníonn ar riachtanais na gcustaiméirí.

Inmhianaithe:

- N/B

Faisnéis bhreise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2030: Teorainneacha á Sárú	https://strategy.ucd.ie/
Oifig Rannpháirtíocht Domhanda UCD:	https://www.ucd.ie/globalengagement/
UCD Ar Fud na Cruinne:	https://www.ucd.ie/global/
Comhionannas Éagsúlacht agus Cuimsiú in UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmiúla AMHÁIN chuig:

Ainm:	Doireann Gilna
Teideal:	Bainisteoir Scoláireachtaí agus Maoinithe Idirnáisiúnta
Seoladh ríomhphoist:	doireann.gilna1@ucd.ie
Teileafón:	N/B